RÚN (AE) 2023/1884 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE) don bhliain airgeadais 2021

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0121/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]), gur EUR 8 692 878 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ('an Institiúid') don bhliain airgeadais 2021, a léiríonn méadú 12,17 % i gcomparáid le 2020,

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don bhliain airgeadais 2021 (an 'tuarascáil ón gCúirt') gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais na hInstitiúide beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

C. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE; de bhrí go luaitear in Airteagal 8 CFAE go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas ina chuid gníomhaíochtaí uile, neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh, lena mbunófar prionsabal an phríomhshruthaithe inscne;

D. de bhrí go raibh tionchar ar leith ag iarmhairtí phaindéim COVID, ag an gcogadh san Úcráin, agus ag frithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban, go háirithe sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) i roinnt Ballstát, ar an gcomhionannas inscne san Aontas; de bhrí go bhfuil baol ann go ndéanfar difear díréireach do mhná a mhéid a bhaineann leis an ardú ar phraghsanna fuinnimh agus ar chostais mhaireachtála i gcoitinne; de bhrí, mar gheall air sin, go bhféadfaí neamhionannais a dhéanamh níos measa agus bac a chur ar an gcomhionannas inscne; de bhrí go bhfuil gá le tuilleadh taighde ar thionchar na bochtaineachta fuinnimh san Aontas ar chúrsaí inscne; de bhrí go seasann an tInnéacs Comhionannais Inscne in 2022 ag 68,6 ar fud an Aontais, nach bhfuil ann ach méadú 0,6 pointe i gcomparáid le 2021, ag léiriú ar an gcaoi sin gur ar ráta mall atá an tAontas ag druidim i dtreo comhionannas inscne;

Bainistíocht buiséid agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2021 ráta cur chun feidhme buiséid 98,92 % i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana reatha, a léiríonn méadú 1,18 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire gur ráta forfheidhmithe 71,39 % a bhí ann i gcás leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú 3,44 % i gcomparáid le 2020;

2. ag tabhairt dá haire gur toradh é méid bhuiséad críochnaitheach na hInstitiúide ar an gcéad leasú buiséadach de EUR 971 698 a léiríonn méadú 12 % ar an mbuiséad i gcomparáid leis an mbuiséad tosaigh a leithdháileadh i gcomhair 2021, agus ar an dara leasú buiséadach de EUR 375 000 a léiríonn laghdú 4,14 %, arna ghlacadh ag Bord bainistíochta na hInstitiúide de bharr an choigiltis a bhain le COVID-19 a sainaithníodh ag deireadh na bliana;

3. á aithint gur tháinig méadú go 54,79 % ar chaiteachas oibriúcháin na hInstitiúide a tugadh anonn in 2022 (49,49 % in 2021);

([1]) IO C 141, 29.3.2022, lch. 123.

Feidhmíocht

4. á mheabhrú gur bunaíodh an Insstitiúid chun rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne san Aontas a chur chun cinn agus a neartú; á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag an Institiúid maidir leis an gcomhionannas inscne a chur chun cinn san Aontas, amhail taighde agus sonraí a sholáthar, cúram ríthábhachtach a rinne sí go héifeachtach; á chur i bhfios go láidir ar an ábhar sin nach mór acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha agus cobhsaí a sholáthar don Institiúid chun a cúraimí a chomhlíonadh; á mheabhrú gurb é cúram na hInstitiúide faisnéis a bhaineann le comhionannas inscne a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh agus uirlisí modheolaíocha a fhorbairt, a anailísiú, a mheas agus a scaipeadh chun tacaíocht a thabhairt do lánpháirtiú an chomhionannais inscne sna beartais Aontais uile agus sna beartais náisiúnta a eascraíonn astu; ag moladh go láidir comhoibriú a dhéanamh idir an Institiúid agus gníomhaireachtaí eile Aontais;

5. ag tabhairt dá haire go mbaineann an Institiúid leas as eochairtháscairí feidhmíochta áirithe i ndáil le cuspóirí oibríochtúla chun measúnú a dhéanamh ar an mbreisluach a chuirtear ar fáil lena cuid gníomhaíochtaí; ag tabhairt dá haire agus is mór aici gur éirigh leis an Institiúid 96,62 % dá clár oibre a chur i gcrích in 2021, agus ar an gcaoi sin gur bhain sí amach na spriocanna a leagadh amach sa doiciméad clársceidealaithe aonair do 2021-2023;

6. ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh an Institiúid in 2021 tuarascáil ina raibh anailís ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 d'íospartaigh an fhoréigin baile, agus go ndearna sí a céad suirbhé leathan inar bailíodh fianaise i dtaobh iarmhairtí phaindéim COVID-19 don chúram neamhfhoirmiúil agus don chothromaíocht oibre is saoil, don dea-bhail, agus do dhálaí fostaíochta agus oibre; ag tabhairt dá haire freisin, tri fhorbairt a dhéanamh ar an uirlis lena rianófar leithdáiltí acmhainní don chomhionannas inscne, gur chuir an Institiúid bailchríoch ar fhoireann uirlisí céim ar chéim don bhuiséadú inscne d'fhonn cuidiú leis na húdaráis bhainistíochta cúrsaí inscne a phríomhshruthú faoi bhainistíocht chomhpháirteach; ag tabhairt dá haire thairis sin gur ullmhaigh an Institiúid foireann uirlisí le haghaidh soláthar poiblí inscne-fhreagrúil i gcás cistí Aontais agus buiséid náisiúnta, mar chomhlánú ar chreat an Choimisiún maidir le soláthar poiblí atá freagrach go sóisialta;

7. ag tabhairt dá haire gur neartaigh an Institiúid ar an gcomhar a rinne sí le gníomhaireachtaí Aontais ar feadh na bliana, go háirithe le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus leis an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound); ag tabhairt dá haire go raibh an Institiúid rannpháirteach sa líonra gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile i gcomhthéacs na freagartha ar ghéarchéim COVID-19 agus i gcomhthéacs dhlúthpháirtíocht an Aontais leis an Úcráin; ag tabhairt dá haire freisin go raibh an Institiúid rannpháirteach i Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais maidir le Comhairle Eolaíoch (EU-ANSA), go háirithe leis an mbraisle sonraí maidir le suirbhéanna cainníochtúla agus leis an mbraisle shocheacnamaíoch; á iarraidh ar an Institiúid leanúint dá sineirgí (mar shampla acmhainní daonna, bainistiú foirgneamh, seirbhísí TF agus slándáil) agus dá comhar le gníomhaireachtaí eile Aontais a fhorbairt, agus dea-chleachtais a mhalartú leo, d'fhonn an éifeachtúlacht a fheabhsú;

8. á chur in iúl gur geal léi an comhar leanúnach idir an Institiúid agus an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne; á chur i bhfáth gur féidir leis an Institiúid rannchuidiú go mór le coistí uile na Parlaiminte, chun gur fearr a dhéanfar gné na hinscne a lánpháirtiú i mbeartais uile an Aontais; á aithint go bhfuil speisialtóireacht agus léargas ag an Institiúid, go háirithe maidir le sonraí a sholáthar agus beartais na mBallstát a mheasúnú;

Beartas foirne

9. ag tabhairt dá haire, amhail an 31 Nollaig 2021, go raibh 96 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme agus gur ceapadh 26 ghníomhaire shealadacha as 27 ngníomhaire shealadacha, arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (an líon céanna post le 2020); ag tabhairt dá haire gur seoladh 12 iarraidh ar iarratais, lena n-áirítear 4 iarraidh le haghaidh poist mar ghníomhaire ar conradh, 5 iarraidh le haghaidh poist mar ghníomhairí sealadacha, iarraidh amháin le haghaidh saineolaí náisiúnta ar iasacht agus 2 iarraidh le haghaidh oiliúnaithe; á thabhairt chun suntais go raibh ráta láimhdeachais 11 % ann le linn 2021; ag tabhairt dá haire go ndearnadh cleachtadh scagtha foirne, inar leithdháileadh 77,6 % d'fhoireann na hInstitiúide ar chúraimí oibríochtúla, 14,5 % ar thacaíocht riaracháin agus 7,9 % ar oibríochtaí neodracha; ag tabhairt dá haire gur glacadh rialacha nua maidir le foireann meánbhainistíochta an 27 Bealtaine 2021;

10. ag tabhairt dá haire gur mar seo don dáileadh inscne san ardbhainistíocht (beirt fhear (50 %) agus beirt bhan (50 %)), agus go raibh dáileadh neamhchothrom inscne sa bhord bainistíochta (seisear fear (19 %) agus 26 bhean (81 %)) agus gur san fhoireann i gcoitinne (12 fear (29 %) agus 30 bean (71 %)); á athdhearbhú go bhfuil sí ag iarraidh ar an Institiúid cothromaíocht inscne a áirithiú amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a chur san áireamh a thábhachtaí ata sé cothromaíocht inscne a áirithiú le linn dóibh a gcomhaltaí a ainmniú ar bhord bainistíochta na hInstitiúide;

11. ag tabhairt dá haire go bhfuair an Institiúid 513 iarratas in 2021 cé is moite d'iarratais ar thréimhsí oiliúna agus ar phoist do shaineolaithe náisiúnta ar iasacht, agus gur ó mhná do 68 % díobh agus gur ó fhir do 32 % díobh; á chur in iúl gur geal léi gur baineadh cothromaíocht inscne amach san fhoireann ardbhainistíochta ach á chur in iúl gur cúis bhuartha di an éagothroime san fhoireann i gcoitinne; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht ghníomhach na hInstitiúide ó 2021 i leith i Meitheal EUAN (Líonra Gníomhaireachtaí an Aontais) um Éagsúlacht agus um Chuimsiú agus gur geal léi na gníomhaíochtaí éagsúla a rinneadh chun éagsúlacht agus cuimsiú laistigh den Institiúid a fheabhsú;

12. ag tabhairt dá haire go ndearna an Institiúid socruithe in 2021 chun conradh bliana a shíniú leis an gcuideachta UAB Manpower Lit chun pearsanra eatramhach a sholáthar; á mheabhrú gur deimhníodh i mbreithiúnas an 11 Samhain 2021 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (cás C-948/19) infheidhmeacht Threoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) i gcás gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais, agus gur deimhníodh prionsabal na córa comhionainne i gcás oibrithe eatramhacha agus baill foirne reachtúla, agus gur sheas Cúirt Uachtarach na Liotuáine leis an mbreithiúnas sin; ag tabhairt dá haire sa chomhthéacs sin gur dhiúltaigh an chuideachta ar conradh, UAB Manpower Lit, síneadh a chur leis an gconradh chun lucht saothair eatramhach a sholáthar, amhail ó 2022;

13. á mholadh go ndéanfar breis foirne agus cistiú leordhóthanach a leithdháileadh ar an Institiúid, agus measúnú na hInstitiúide féin ar a riachtanais á chur san áireamh, chun déileáil le méadú mór ar iarrataí ar chúnamh teicniúil maidir le príomhshruthú inscne, amhail chun díriú go práinneach ar an tionchar, atá ag dul in olcas, atá ag géarchéimeanna éagsúla agus comhleanúnacha sóisialta, eacnamaíocha agus aeráide ar mhná agus ar an gcomhionannas inscne, agus chun díriú ar fhrithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban i roinnt Ballstát agus ar fud an domhain;

14. á chur in iúl gur geal léi beartas cuimsitheach na hInstitiúide i leith dea-bhail, a bhfuil líon beart i bhfeidhm ann chun tacaíocht a thabhairt don chothromaíocht oibre is saoil, don teilea-oibriú agus do stíl shláintiúil mhaireachtála dá cuid ball foirne; ag tabhairt dá haire, maidir le tacaíocht shíceolaíoch, gur tugadh i gcrích in 2021 imscrúdú neamhspleách amháin a bhain le héileamh go ndearnadh ciapadh síceolaíoch, agus mar thoradh air gur dílhostaíodh an ball foirne a imscrúdaíodh; á chur in iúl go molann sí plean cuimsitheach oiliúna na hInstitiúide dá foireann; ag spreagadh na hInstitiúide chun beartas fadtéarmach acmhainní daonna a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint le haghaidh forbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-oibriú, an ceart chun dícheangal, an chothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí a chinntiú ó na Ballstáit uile, agus daoine faoi mhíchumas a earcú agus a lánpháirtiú agus a áirithiú go gcaithfear go cothrom leo agus go ndéanfar a ndeiseanna a chur chun cinn go forleathan;

Soláthar

15. ag tabhairt dá haire gur cuireadh 47 nós imeachta soláthair riaracháin agus 62 nós imeachta soláthair oibríochtúil i gcrích in 2021; ag tabhairt dá haire go ndearna an Institiúid na treoirlínte soláthair don fhoireann a nuashonrú, lena n-áirítear seicliostaí, amlínte inmheánacha agus céimeanna nós imeachta, chun cáilíocht na ndoiciméad a tháirgtear faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí soláthair a fheabhsú;

16. ag tabhairt dá haire, agus is ábhar imní di an bharúil ón gCúirt go ndearna an Institiúid íocaíochtaí neamhrialta in 2021 (arbh ionann iad agus EUR 12 200) chun seirbhísí aistriúcháin a cheannach nach raibh faoi raon feidhme an ghlao ghaolmhair ar léiriú spéise;

17. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé maidir leis na nósanna imeachta soláthair uile, go ndéanfar iomaíocht chothrom idir tairgeoirí a áirithiú agus earraí agus seirbhísí a sholáthar ar an bpraghas is fearr, agus prionsabail na trédhearcachta, na comhréireachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe á n-urramú; á iarraidh go ndéanfar na huirlisí TF ríomhsholáthair arna bhforbairt ag an gCoimisiún Eorpach a chur chun feidhme; á iarraidh go ndéanfar soiléiriú nuashonraithe ar na nósanna imeachta agus ar na teimpléid sna treoirlínte soláthair; ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di an bharúil ón gCúirt go bhfuil na laigí sa soláthar poiblí ag dul i méid agus gurb iad an fhoinse íocaíochtaí neamhrialta is mó iad i bhformhór na ngníomhaireachtaí i gcónaí;

([2]) Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach, (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9).

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

18. ag tabhairt dá haire go bhfuil bearta idir lámha ag an Institiúid faoi láthair agus go bhfuil iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh aici chun trédhearcacht a áirithiú, coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus sceithirí a chosaint; ag tabhairt dá haire go bhfuil bailchríoch á cur ag an Institiúid ar a beartas coinbhleachta leasa; ag tabhairt dá haire gur cuireadh straitéis frithchalaoise 2021-2023 chun feidhme go rathúil in 2021, i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta gaolmhar, ar bhonn modheolaíocht arna soláthar ag OLAF; á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, go ndearnadh roinnt seisiún oiliúna i réimse na heitice agus an ionracais in 2021, chomh maith le seisiúin faisnéise chun calaois a chosc; á áitiú nach mór rialacha córasacha maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleacht leasa, brústocaireacht neamhdhleathach agus doirse imrothlacha a chur i bhfeidhm nó a nuashonrú go rialta;

19. ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh an Institiúid CVanna a Stiúrthóra agus fhormhór chomhaltaí a boird bainistíochta ar a suíomh gréasáin mar aon le dearbhuithe leasanna uathu; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé CVanna agus dearbhuithe leasanna a fhoilsiú; á iarraidh ar an Institiúid CVanna agus dearbhuithe leasanna chomhaltaí uile a boird bainistíochta a fhoilsiú;

Rialú inmheánach

20. á chur in iúl gur geal léi na bearta a ghlac an Institiúid in 2021 chun a córas rialaithe inmheánaigh a neartú; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin, gur athbhreithníodh a nós imeachta maidir le rialuithe *ex post* a dhéanamh; á chur in iúl go molann sí ina leith sin go ndearnadh rialuithe *ex-post* amhail ó mhí Mheán Fómhair 2021 agus go bhfuil an ghníomhaíocht ghaolmhar a bhaineann leis an mbarúil ón gCúirt tugtha chun críche; á chur in iúl gur geal léi thairis sin gur nuashonraigh an Institiúid a beartas dearbhaithe cáilíochta lena sainítear bearta sonracha rialaithe do thionscadail;

21. ag tabhairt dá haire, agus is cúis imní di na barúlacha ón gCúirt ina dtugtar chun suntais laigí i réimse na gcóras bainistíochta agus rialaithe; ag tabhairt dá haire gur bhain an chéad bharúil díobh le nós imeachta earcaíochta inar baineadh an bonn de phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne; agus gur tuairiscíodh sa dara barúil go raibh easnaimh i nós imeachta roghnúcháin amháin le haghaidh saineolaithe náisiúnta ar iasacht a bhain an bonn dá oibiachtúlacht agus a thabharfadh le fios go bhfuil laigí i rialuithe inmheánacha na hInstitiúide; ag tabhairt dá haire gur bhain an tríú barúil le nós imeachta soláthair inar bhain na comhaltaí uile sa choiste meastóireachta leis an aonad riaracháin céanna, rud a théann i gcoinne Airteagal 150(3) den Rialachán Airgeadais; á mheabhrú go mbaineann easnaimh nós imeachta i nósanna imeachta earcaíochta an bonn de phrionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne; ag iarraidh ar an Institiúid feabhas a chur ar a nós imeachta earcaíochta inmheánach trí na próisis mheastóireachta agus fógraí folúntais a shoiléiriú;

22. ag tabhairt dá haire, i ndiaidh Phlean Straitéiseach Iniúchóireachta Inmheánaí Sheirbhís an Choimisiúin um Iniúchóireacht Inmheánach do 2019-2021, go ndearnadh 1 800 oibríocht rialaithe ar an iomlán in 2021 ar shampla de 40 idirbheart lenar rialaíodh buiséad iomlán EUR 920 776; ag tabhairt dá haire go léiríonn na torthaí deiridh go n-áirithítear leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm go gcomhlíonann na hidirbhearta na rialacha airgeadais agus na nósanna imeachta inmheánacha; ag tabhairt dá haire go raibh ceithre mholadh sa tuarascáil a bhain le rialuithe inmheánacha a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar mhioneasnaimh; á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Institiúid na moltaí uile, lena n-áirítear na moltaí ó bhlianta roimhe sin, a chur chun feidhme go hiomlán agus gur chuir IAS na gníomhaíochtaí gaolmhara i gcrích i mí Feabhra 2022;

23. ag tabhairt dá haire go ndearnadh measúnú sonrach ar an rialú inmheánach don bhliain 2021 i gcomhréir le creat rialaithe inmheánaigh na hInstitiúide agus le treoirlínte maidir le measúnú ar rialú inmheánach; ag tabhairt dá haire sa chonclúid ar an measúnú sin go bhfuil na prionsabail uile ann agus ag feidhmiú mar a bhí beartaithe, gur sainaithníodh sé easnamh mheasartha i ndáil le comhchodanna 2, 3 agus 5 den chóras rialaithe inmheánaigh; á iarraidh ar an Institiúid an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a chuir an Institiúid chun feidhme chun réimsí riosca a mhaolú, lena n-áirítear maidir le feidhmeanna íogaire;

24. á iarraidh ar an Institiúid a sásraí rialaithe inmheánacha a neartú tuilleadh, lena n-áirítear sásra inmheánach frithéillithe a bhunú;

An digiteáil agus an t-aistriú glas

25. ag tabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí déanta ag an Institiúid chun ionad oibre costéifeachtach a áirithiú nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol; ag tabhairt dá haire gur bhunaigh an Institiúid uirlis bainistíochta misean chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 de bharr taisteal; ag tabhairt dá haire go léiríonn an faireachán ó 2021 gur thug misin na hInstitiúide 8 dtona d'astaíochtaí CO_2; ag tabhairt dá haire go bhfuil ceanglais na mbeart comhshaoil curtha san áireamh ag an Institiúid i roinnt cineálacha conarthaí; á chur in iúl gur geal léi tiomantas na hInstitiúide grianphainéil a shuiteáil ina háitribh i Vilnias chun feidhmíocht chomhshaoil an fhoirgnimh a fheabhsú agus chun gur ar fhoinsí fuinnimh glasa amháin a bheifear ag brath; ag tabhairt dá haire, agus is díol spéise di gur soláthraíodh feidhmchlár a chuideodh leis an Institiúid súil a choinneáil ar a lorg comhshaoil, agus gur cheart an feidhmchlár a bheith in úsáid in 2022; ag iarraidh ar an Institiúid an t-údarás buiséadach a choinneáil ar an eolas faoi na forbairtí ina leith sin;

26. ag tabhairt dá haire go ndearna an Institiúid a príomhphróisis a dhigiteáil go hiomlán in 2021 trí shreafaí oibre leictreonacha agus síniú leictreonach a thabhairt isteach; ag tabhairt dá haire gur nuashonraíodh beartas slándála TFC na hInstitiúide agus a beartas bainistíochta faisnéise; á chur in iúl gur geal léi an freagra ón Institiúid go bhfuil cibearshlándáil i bhfeidhm aici agus go ndearna sí roinnt beart cibearshlándála a chur chun feidhme amhail córas fíordheimhniúcháin ilfhachtóra agus oiliúintí slándála do chomhaltaí na foirne TF; ag spreagadh na hInstitiúide chun measúnuithe riosca ar a bonneagar TF a dhéanamh go rialta agus iniúchtaí agus tástálacha rialta ar a córais chibearchosanta a áirithiú;

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19

27. ag tabhairt dá haire gur chuir an Institiúid í féin in oiriúint gan mhoill chun leanúnachas gnó a áirithiú, i gcomhréir leis an doiciméad clársceidealaithe aonair athbhreithnithe; á chur in iúl gur mór aici obair na hInstitiúide chun tacú le hUachtaránachtaí na Portaingéile agus na Slóivéine ar an gComhairle, trí fhianaise nua comhionannais inscne a chur ar fáil mar bhonn do na conclúidí faoi seach ón gComhairle maidir le tionchar socheacnamaíoch COVID-19 ar an gcomhionannas inscne; ag tabhairt dá haire gur pléadh tionscnaimh chomhpháirteacha maidir le freagairt COVID-19 agus pleananna leanúnachais gnó laistigh de líonra na ngníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile; á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Institiúid a plean leanúnachais gnó a nuashonrú i mí Iúil 2022;

28. ag moladh don Ghníomhaireacht na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 maidir le taisteal foirne a chur i bhfeidhm chun go mbeidh eagrú níos fearr ann amach anseo i gcás cruinnithe, ócáidí agus agallaimh a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla ó chian seachas ar bhonn pearsanta;

Eile

29. á chur in iúl go molann sí an Institiúid as na hiarrachtaí atá déanta aici chun a hinfheictheacht phoiblí a mhéadú trí sheisiúin faisnéise preasa, preaseisiúintí, feachtais meán amhail an Feachtas 16 Lá Gníomhaíochais agus dlúth-theagmháil le hiriseoirí; ag tabhairt dá haire gur tháinig feabhas ar mhéadracht na hInstitiúide maidir leis na meáin shóisialta agus iarrataí ó na meáin;

30. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál trasearnála a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 uaithi ([3]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.